CORA Cork Open Research Archive
Cartlann Taighde Oscailte Chorcaí

Title	Caoineadh ar Shéamas Óg Mac Coitir (†1720)
Authors	Ó Murchú, Tomás L.
Publication date	2016
Original Citation	Ó Murchú, T. L. (2016) 'Caoineadh ar Shéamas Óg Mac Coitir (†1720)', Éigse - A Journal of Irish Studies, 39, pp. 71-97.
Type of publication	Article (peer-reviewed)
Link to publisher's version	http://www.nui.ie/eigse/volumes/vol39/vol39contents.html
Rights	© 2016, the Author. Reproduced with the permission of the publisher.
Download date	2026-11-07 03:38:45
Item downloaded from	https://hdl.handle.net/10468/11154

UCC
University College Cork, Ireland
Coláiste na hOllscoile Corcaigh

CAOINEADH AR SHÉAMAS ÓG MAC COITIR (†1720)

Mo dhainid go fuin, mo shileadh deór, mo scíos
Uilliam Mac Cartáin an Dúna, 1720

Réamhrá

Seo ceann den dá chaoineadh déag a cumadh, agus atá ar marthain, ar bhás an tSeacaibítigh, Séamas Óg Mac Coitir ó Bhaile na Speire, Carraig Tuathail, Co. Chorcaí.[1] I dtaobh cúlra agus cúinsí báis Shéamais Óig a bheith seanphléite ag scoláirí éagsúla i gcaitheamh na mblian, ní gá cuntas fada a scríobh ar a bheatha anso.[2] Caitliceach uasal agus tailte aige i gceantar Charraigh Tuathail ab ea an Coitireach; bhí sé ar an mac ba shine don ridire Sur Séamas Mac Éamoinn Mac Coitir (†1705),[3] agus ar nós a athar mhair sé mar a mhair na seantaoisigh a bhí ag riar in Éirinn roimh thitim an tseanchórais Ghaelaigh. Bhí sé beag beann ar an aicme Phrotastúnach a bhí i gceannas; bhí sé báúil leis an gcléir agus lean sé in oidhreacht a athar ag cur comaoine ar fhilí an cheantair máguaird mar a thugann an tsíorthagairt dá chuid flaithiúlachta atá sna caointe a cumadh air le fios. Ní miste roinnt samplaí a thabhairt:[4]

[1] Is iad seo a leanas na caointe eile atá ar marthain. Ní áirím feartlaoithe ar thuama na gCoitireach agus caointe Béarla anso. Chum Conchubhar Mac Cairteáin dán Laidine, 31 heicsiméadar dar tús líne *O dilecte Deo, et nostro charissime cordi*, do Shéamas Óg, leis (NLI G 114, 113). Táimse tar éis na caointe Gaeilge ar fad a chur in eagar agus bunaím na chéad línte ar mo chuid eagrán: *Aisling do chuala ar maidin do bhuair me* (6 véarsa) le banaltra Shéamais Óig (?); *A Shéamais mac Séamais, mo dhíth thu ar lár* (7 v.), ní fios cé a chum; *Creach is cás do bhás in Éirinn* (37 v.), ní fios cé a chum; *Do tolladh me trém aeibhse is do goineadh me im scairt* (7 v.), le Seán Clárach Mac Dónaill; *Fochtaim ort an doiligh leat, a Rí na ngrás* (17 v.), le hÉamonn de bhFál; *Mo chás go héag, mo léan, mo chumha, mo chreach* (3 v.), ní fios cé a chum; *Mo chéad cara thu* (39 ll) agus *Léan ort, a Chorcaigh* (54 ll) le banaltra Shéamais Óig (?) – is dhá leagan dhifriúla den gcaoineadh céanna atá iontu so; *Mo dhanaid go fuin, mo shileadh deór, mo scíos* (7v.) le hUilliam Mac Cartáin an Dúna; *Mo léirghoin go brách* (60 ll) le hÉamonn de bhFál; *Mór an chreillse gheibhim do chéas me* (88 v.) le Liam Rua Mac Coitir; *Níl taitneamh san ngréin, tá éiclips fola 'na diaidh* (6 v.) le hÉamonn de bhFál; *Tá Éire 's is léan liom dá stracadh ag namhaid* (2 v.), ní fios cé a chum.

[2] Maidir le heolas ar Shéamas Óg Mac Coitir, féach Hogan agus L. Ó Buachalla (1963), Ó Conchúir (1982), B. Ó Buachalla (1993, 1996), Garaham (1999), Ó Muirí (2012).

[3] Maidir le heolas ar Sur Séamas Mac Éamoinn Mac Coitir féach Ó Cuív (1952, 1959), Breatnach (1992), B. Ó Buachalla (1993, 1996), Ó Conchúir (1982).

[4] Níl anso ach línte aonair a thráchtann ar mhaoiniú Shéamais Óig ar an éigse. Tá ceathrúna agus tagairtí indíreacha chomh maith le tagairtí a thráchtann ar mhaoiniú Sur Séamas agus Shéamais Óig sna caointe, leis. Maidir le pátrúntacht na beirte féach Ó Conchúir (1982, 212–15) go háirithe.

. . . an Coitireach nár lochartha do dhíoladh dáimh
. . . Séamas posta na gcliar
. . . fear nár dheacair fá aisce don éigse
. . . bronntach árd ar dháimh le séadaibh
. . . ba chobharthach caomh d'éigsibh ag bronnadh gan stad
. . . san mbanc a raibh tobhach is colbha éigse
. . . riarach gcosantach d'éigsibh.[5]

Seacaibíteach gníomhach ab ea é agus tá sé ráite go háititheach mar gheall air go raibh sé ar cheann de na Seacaibítigh ba cheannasaí sa Mhumhain lena linn.[6] Caitheann litir a scríobh Tiarna Sainsailéara na hÉireann, an Bíocunta Midleton, Alan Brodrick, scáth amhrais ar chomh ceannasach is a bhí sé mar Sheacaibíteach, áfach:

> As to being an enemy to his Majesty's government I believe if they who allege it were to be put to the proof of it, he must be forced to resort to his being a papist. You know how near our part of the country he live and if he had any particular act of that nature distinguished himself, I think I should have heard of it (Midelton MS, Surrey History Centre 1248/4 folio 441, tógtha as Ó Muirí 2012, 752).

Bhí Breandán Ó Buachalla den dtuairim go raibh sé ina Sheacaibíteach gníomhach sofaisticiúil (Ó Buachalla 1993, 485–91). Thiocfadh sé lena shofaisticiúlacht mar Sheacaibíteach go mbeadh a chomharsa chumhachtach dall ar cad go díreach a bhí ar bun aige. Deir Éamonn Ó Ciardha go gcoimeádadh Seacaibítigh a ngníomhaíochtaí go daingean faoi rún toisc an dainséar a bhain leo dá mba rud é go mbéarfaí orthu (Ó Ciardha 2004, 164), agus nochtann rann as *Mór an chreillse* go raibh rúndacht dá shórt ag baint le gníomhaíochtaí Shéamais Óig:

> Is mó ná d'insim díth an té-se,
> do bhrí gur ciall dam srian leam bréithribh,
> acht dá dtigeadh spionnadh san gcluiche nach déarfad,
> ba mhaith an ursa san imirt sin Séamas (ll 61–4).[7]

Ar an 12 Lúnasa 1718 casadh Séamas Óg Mac Coitir agus Quaker mná darbh ainm Elizabeth Squibb ar a chéile ar an mbóthar gairid do Mhainistir Fhear Maí. Dealraíonn sé go rabhadar beirt ag filleadh

[5] *Fochtaim ort* (Ó Foghludha 1946, l. 3), *Níl taitneamh san ngréin* (ibid. l.4), *Mór an chreillse* (Ó Foghludha 1937, ll 75, 299), *Do tolladh me trém aeibhse* (Ó hÓgáin 2011, l. 11), *Creach is cás* (NLI G 593, 3, l. 41), *Mo chás go héag* (RIA A.iv.2, 58a, l. 12).

[6] Féach Ó Buachalla 1993, 469–98, Ó Buachalla 1996, 361–9.

[7] Is as m'eagrán neamhfhoilsithe féin a tógadh na línte. Tá eagrán de le fáil in Ó Foghludha (1937). 'spionnadh san gcluiche', i.e. teacht Shéamais III.

abhaile ar bhóthar an rí, ach in ionad an turas a chríochnú chuadar ag ól i dtábhairne Mrs Barry i Mainistir Fhear Maí. Óladh fíon agus tharla eachtra éigin a shuaith Elizabeth Squibb an oíche úd. Ar an 18 Lúnasa, agus tar éis di dul i gcomhairle lena huncail, Edward Fenn – Quaker ceannasach agus grúdaire a bhí ag maireachtaint i gCorcaigh – chuir sí éigniú i leith Shéamais Óig. Ciontaíodh é ina héigniú agus daoradh é chun báis ar an 17 Márta 1720.[8] Shéan Séamas Óg gur éignigh sé Elizabeth Squibb cé gur dóichí go raibh caidreamh collaí aige léi. Níor athraigh a phort ina óráid báis féin, rud a thacaíonn leis an dtuairim gur neamhchiontach sa choir a bhí sé mar nár ghnáthach don té a bhí le crochadh a bheith mí-ionraic ag am na cinniúna.[9] Tabharfar an óráid ina hiomlán anso:

> Extract of a Letter from Cork in Ireland, May 7.
> Orders being arriv'd here for Executing James Cotter, Esq; the same was perform'd to Day: The 5th at Night the Gallows was pull'd down, and yesterday at three in the Afternoon Mr Cotter got out of Goal (*sic.*) between two Women, but before he got many Yards he was retaken, and some of his Friends wounded who had endeavour'd to facilitate his Rescue. This day between 11 and 12 he was led to the Place of Execution, under a Strong Guard of Soldiers: He was drest in a Deep Mourning, behav'd in a very decent and devout Manner; and was much lamented by the Spectators. Before he suffer'd he made the following Speech.
>
> Gentlemen,
> Since it is my hard Fate to see this fatal Day, and pass the bitter Pangs of Death, yet I Trust in my Saviour Jesus Christ, that through his Sufferings and Death, I shall find Mercy for all my past Offences, and reap that Eternal Felicity which my Soul longeth to Enjoy; hoping Gentlemen that by me you may take Example, and shun Offending the Gracious God of Mercy and Truth, that my Death may be a Means whereby to Recall you from offending God, and shun the like Fact, which hath brought me to this unhappy and shameful End.

[8] Pléann Damien Ó Muirí – faraor nach maireann – an plé a bhí ag Séamas Óg Mac Coitir leis an ndlí i rith a shaoil. Is í seo an aiste is fearr go dtí so a chuireann síos agus a scagann gach ar bhain leis an eachtra a dhaor Séamas Óg Mac Coitir chun báis. I bhfianaise na haiste seo tá an dealramh ar an scéal ná raibh sé ciontach in éigniú Elizabeth Squibb, ach dar ndóigh is ceist í seo ná réiteofar go sásúil go brách (Ó Muirí 2012).

[9] 'At the same time, confession of guilt and expression of repentance retained their central place, and since they were central to the objective of affirming the necessity of observing civil as well as divine law, the confessional dimension of "last speeches" was enhanced' (Kelly 2001, 14).

> Good People,
> I mean not to make a long Speech; for what I have to say, I have faithfully delivered already to my Ghostly Father; *but the greatest concern I take to Heart in the Fact I have commited, is, That I designedly made the Woman drunk, in order to have my Desire*. I humbly beg, Good People, that you will assist me in Prayer, during this Moment of my Expiring Life, that the Lord may receive my Soul.
>
> James Cotter.[10]

Crochadh Séamas Óg i gCathair Chorcaí ar an 7ú Bealtaine 1720. Is mar dhúnmharú aindleathach a bheartaigh Protastúnaigh Chorcaí a chonaic Caitlicigh na Mumhan an crochadh. Cuireadh deireadh lena dtaoiseach agus lena dtaca toisc gur Chaitliceach saibhir neamhspleách ab é a mhair lasmuigh de theorainn na ndlíthe frithpháipeireachta. Fear ab ea é, dar leo, a dhein a dhícheall i gcónaí chun troid i gcoinne an daorsmachta agus a choinnibh an creideamh Caitliceach in ainneoin gach iarrachta ón gCinsealacht go n-iompódh sé. Shuaith agus chráigh a chrochadh an chosmhuintir Chaitliceach go mór, ach bhí tionchar ní ba throime ná san ar na filí a chaoin é – chonaiceadar san a chrochadh mar bhuille báis ar Éirinn féin, an leagadh deireanach de na mílte leagaíocha go léir a bhí faighte aici ó na Sasanaigh ó aimsir Chath Chionn tSáile i leith.[11]

Mar le cumadóir an chaointe, Uilliam Mac Cartáin an Dúna,[12] is féidir a rá go hachomair anso gur saolaíodh é i c. 1668, i gceantar Charraig na bhFear, ní foláir. Chreid sé go docht i gcás na Stíobhartach – tá seans gur throid sé i gCath na Bóinne ar thaobh Shéamais II agus tá an dealramh ar an scéal go raibh sé páirteach i gCath Eachroma, leis. Bhí sé páirteach san luíochán a deineadh ar bhuíon de shaighdiúirí Rí Uilliam i mBéal Átha Salainn, Co. Chorcaí ar an 29ú Aibreán 1691,[13] agus mar a ráinigh, ba é Sur Séamas Mac Coitir a bhí ina bhriogáidire ar fhórsaí Seacaibíteacha Chorcaí, Chiarraí, Luimnigh agus Thiobraid Árann ag an am céanna.[14] Thóg sé ceannasaíocht chúirt éigse Charraig na bhFear tar éis bhás Dhiarmada Mac Seáin Bhuidhe Mac Cárthagh sa bhliain 1705. Bhí bá ar leith aige le Coitirigh Bhaile na Speire mar a léiríonn an bhaint a bhí aige le *Párliament na mBan* (c. 1697),[15] an dán molta a chum sé ar Sur Séamas Mac Coitir i 1700,[16] an caoineadh a chum sé air i 1705,[17] agus gan amhras an caoineadh atá fé chaibidil anso ar Shéamas Óg.

Is mar bhuille báis don aicme shoch-chultúrtha Ghaelach a chonaic na filí crochadh Shéamais Óig. Is féidir an méid sin a bhrath go láidir nuair a léitear na caointe mar aonad.[18] Leanann siad foirmle nósúil an tuirimh agus is tríd an bhfoirmle sin a nochtar dúinn tocht mothúchán a thugann le fios gur ghoill an bás go trom orthu. Is léir go raibh aithne mhaith ag cuid acu ar Shéamas Óg agus ar a mhuintir.[19] Ach ritheann na braistintí sin níos doimhne i bhfad ná bás an fhir óig. Filí ab ea iad so a bhí ag meá agus ag machnamh ar anstaid na tíre le fada an lá. Bhíodar ábalta ar stair na hÉireann a shlánú agus a chíoradh ag dul siar na céadta blian le húdarás agus ní dall a bhíodar ar thábhacht a mharaithe i gcás na tíre trí chéile. Bhí próiseas machnaimh á shíolrú agus á bhunú ag na heachtraí cinniúnacha i gcoinne na nGael a bhí á nochtadh féin ag na filí trí dhioscúrsa poiblí caointe den sórt seo. Déanfar iarracht ar bhonn agus ar léiriú a thabhairt don sruth machnaimh seo trí thrácht ar dhán a chum Uilliam Mac Cartáin as a stuaim féin agus, dar liom, a bhí dírithe ar aos liteartha dheisceart na Mumhan seachas ar an bpobal i gcoitinne.[20] Feictear dúinn san aiste – a cumadh seacht mbliana déag roimh an gcrochadh – nach inniu ná inné a bhí a dhóchas á thriail ag daorsmacht na nGall. Ag an dtráth so bhí na péindlithe ag fáscadh mórthimpeall air, bhí easpag dheoise Chorcaí agus Chluana, Eoin Baiste Mac Sleighne, curtha an loch amach le hAcht Díbeartha na bPéindlithe (1703):[21]

[10] *British Gazetter*. Tuesday, May 21, 1720, lch 1610 (London). Is liomsa an cló iodálach.

[11] Féach Ó Murchú (2014).

[12] Tá cloíte anso leis an litriú a chleacht an file féin ar a shloinne san lámhscríbhinn NLI G 114, cf. Breatnach (1992, 99).

[13] Ó Conchúir (1982, 18).

[14] Ó Cuív (1956, 156).

[15] Féach Ó Cuív (1952).

[16] Féach Breatnach (1992).

[17] *Is och im chliabh 's is diachair phéine*, féach na LSÍ seo i gcomhair leaganacha iomlána 52v., NLI G.222, 23; RIA 23 L 37, 16*i*; RIA 23 C 21, 205.

[18] Féach Ó Murchú (2014).

[19] Feictear an aithne seo go háirithe in *Fochtaim ort*, *Mór an chreillse*, *Aisling do chuala* agus *Léan ort, a Chorcaigh*.

[20] Is in NLI G.114, 58*i*-59, cóip a thagann ó láimh an fhile féin atá an dán so. Tá dán eile de chuid an Chartánaigh sa LS chéanna *Mo phéin mo thuiruinn mo thuirse mo léan mo chreach* a chuimhníonn ar an ionnarbadh a deineadh le Gallaibh ar Eoin Baiste Mac Sleighne (NLI G.114, 28-29). Is forimeálta neamhphearsanta i bhfad é seo ná an ceann atá faoi chaibidil againn anso.

[21] Acht Parlaiminte na bliana 1697 (9 Will.III, cap. 1). Fuair an tEaspag dídean ó Sur Séamas Mac Coitir ina thigh i mBaile na Speire (1694–97), go dtí gur cuireadh don phríosún i gCorcaigh é i 1698 toisc nár thug sé aon toradh ar an Acht. Cuireadh an loch amach é i mí Feabhra 1703.

Ró stríocfad dom phrímhrith 's do rian mo lámh
a ccló chaoinchur lé díogr*us* a ndiaigh na mál –
leoghain díbiortha bíodhbhudh is stiallta cnámh –
ós *finis* dom sgríbhin*n air* Fhian*n*aibh Fáil.

Treóin líomhtha do dhíthcheannaigh triatha táisg
a ngleó fhíochmhur dá síorghe*arr*adh a ngliadhaibh *áir*;
fóid aoibhn*ne ár* ttaoiseach, mo chiach m*ar* ttáid,
fó *a* naoidibh do dhíogr*as* a ccliabh go sámh (NLI G 114, 58 *i*).[22]

Is ag éagaoineadh a charad agus a thaca atá Mac Cartáin sa dán so. Deineann sé contrárthacht idir ré na bhFiann atá seanimithe agus aicme na dtaoiseach Gaelach atá á mbánú in aghaidh an lae de dheascaibh na bpéindlithe. Fiú chomh luath le 1703 bhí cuid den gcléir Chaitliceach tar éis ról an phátrúin a ghlacadh orthu féin, agus is chucu a d'fhéach leithéidí an Chartánaigh chun tacaíochta. Eisceachtaí ab ea Coitirigh Bhaile na Speire agus ladhar bheag phátrún eile nach iad.[23] Léiríonn líne oscailte an dáin a easpa dóchais go beacht. Tá sé chun éirí as an scríbhneoireacht – gairm a chleachtann sé go díograiseach – mar nach fiú dó a bheith á dhéanamh agus na pátrúin imithe. Cloistear an tseintimint chéanna ó Dháibhí Ó Bruadair nuair a dúirt sé 'mo thruagh ar chreanas le ceannarraic cruaidhphrionnta' uair éigin go déanach sna 1670í.[24] Sa dara rann is í an aimsir ghnáthchaite a chuireann síos ar ghaiscí na dtaoiseach uair dá raibh, agus is í an aimsir láithreach a chuireann síos ar fhóid aoibhne na dtaoiseach a bheith faoi naimhde – is ciach leis mar atáid anois, agus léiríonn an dobhriathar 'go sámh' a mhíshástacht ar chomh saoráideach is a thit na fóid leo. Is díol spéise, leis, gur macalla é an rann oscailte thuas de rann deiridh Dháibhí Uí Bhruadair in *An Longbhriseadh*,[25] dán a dhíríonn, i measc théamaí eile, ar Ghaeil a thug a gcúl le cine le linn Chogadh an Dá Rí. Ar roghnaigh Mac Cartáin rann deiridh an dáin sin chun réamhinsint a thabhairt ar a chuid smaointe féin ar cad a bhí ag tarlú sa tír? Ba dhóigh le duine gur bhain an Cartánach an macalla so as véarsa Uí Bhruadair d'aon ghnó glan chun go n-aithneodh aos liteartha Chorcaí agus dheisceart na Mumhan go raibh éadóchas Dháibhí imithe i bhfeidhm air féin. Dar liom go bhfuil macántacht ina chuid scríbhneoireachta a nochtann a

[22] Tá an dán ina iomlán san aguisín thíos.

[23] Féach Ó Conchúir (1983).

[24] As *Is mairg nach fuil 'na dhubhthuata* in DÓB i, 132.

[25] 'Gé shaoileas dá saoirse bheith seascair sódhail / im stíobhard ag saoi aco nó im ghearraphróbost / ós críoch di mo stríocadh go seanabhrógaibh / fínis dom scríbhinn ar fearaibh Fódla' (DÓB iii, 180). (Gaibhim buíochas le Liam P. Ó Murchú as an rann so a chur ar mo shúilibh dom). Níorbh é a haon ag Uilliam an Dúna tarraingt ar shaothar Uí Bhruadair chun údarás liteartha a thabhairt do chuid saothar, féach Breatnach (1992, 93).

lagú meanman, go háirithe mar a deir sé gur mhó a bhíog agus ghríos díbirt an easpaig é ná ba mhian leis a rá:

EOIN fíorghlan an chaoinfhlaith do thriall t*ar* sál
smó bhíodhg me 's do ghríos me n*á* 's mian do rádh.[26]

Scríobh Diarmaid Mac Sheáin Bhuidhe Mac Cárthaigh, uachtarán dhámhscoil na Blárnan, caoineadh ar a chapall, an Fhalartha Ghorm timpeall an ama chéanna (c. 1703). D'áitigh Diarmaid dá mbeadh Iarla Chlainne Cárthaigh thar n-ais i réim go mbeadh capall eile fachta aige uaidh fadó riamh. Mhúscail caoineadh na Falartha sámaireacht chuideachtúil fhileata idir filí na scoile sin, an Cartánach ina measc. In *Is truagh liom scéal éachtach mo charad uaisle* feicimid Mac Cartáin ag cur an scéil trí chéile ach ní leis an meanma dháiríribh dhuairc is atá sa dán thuas.[27] Níl an neamhdhiongbháilteacht chéanna le brath ar fhriotal Mhic Cartáin, agus is féidir dath suaimhnis nó compoird a bhrath ar an dtagairt a dheineann sé do Sur Séamas Mac Coitir, is é sin go bhfuil ar a laghad fear amháin timpeall a thugann aire don éigse.[28] Léirítear dúinn nach duairc ar fad a bhí an saol acu, ach chomh maith céanna léiríonn an tagairt do Sur Séamas a thábhacht i saol sochchultúrtha agus socheacnamaíoch an cheantair, tábhacht dar liom a leagadh ar a mhac, Séamas Óg, agus a tharraing sé air féin le díograis.

Tabharfar faoi ndeara agus an caoineadh ar Shéamas Óg á phlé againn gur thit a mharú go trom ar ár bhfile-ne. Ní caoineadh neamhphearsanta fuar é seo a cumadh ar mhaithe le cúirtéis nó le hócáid. Tá sé beo pearsanta agus fite le mothúcháin amha leochaileacha – mothúcháin dar liom a bhí ina luí ann ó aimsir an dáin thuasluaite agus a mhúscail an tubaist is déanaí a baineadh de na Gaeil.[29] Osclaíonn sé leis an éadóchas céanna atá le brath ar an saothar thuasluaite, ach sa chás so tá suaitheadh amh an mharaithe curtha trí chéile le hiarmhachnamh fealsúnach an fhile sheanchríonna. Tá sé céasta trombhuartha agus cuireann sé in úil dúinn go bhfuil 'faraire an tsuilt' tar éis 'sinn' a fhágaint (l. 2). Is ansan a thagann an t-iarmhachnamh, 'do

[26] Féach línte 19–20 san aguisín thíos. Ba cheart 'bhíodhg me' a léamh mar *startled me*.

[27] Foilsithe in Ó Donnchadha (1916).

[28] 'Ó ghealais it fholtaibh 's dot roscaibh nach léir an cuan / S gan charaid dot fhurtacht a bhronnas na séada ar cuaird, / Fear capaill do bhronnadh dhon ollamh ní léir dam suas / Acht faraire an bhrollaigh gil oscardha Séamus suairc' (Ó Donnchadha 1916, 60). Féach, leis, focail Dháibhí Uí Bruadair: 'mádh struthaire féasta an té nó ruthaire ruisc / an bile sir Séamus saor mac Coitir a sprioc' as *Is urchra cléibh gan éigse chothrom ar bun* in DÓB iii, 196.

[29] Tá an nochtadh mothúchán céanna le brath ar chuid do na caointe eile, go háirithe *Fochtaim ort an doiligh leat,* le hÉamonn de bhFál, féach Ó Murchú (2014).

leagadh 'na gcith na coin ba mhó sa tír' (l. 3), mar a bheadh sé ag cuimhneamh ar na buillí móra a fuair na Gaeil le tamall maith agus nárbh aon ionadh go raibh sé seo ag tarlú.[30] Ach más iarmhachnamh fealsúnach í an líne sin, tugann sé sinn thar n-ais go dtí an t-am i láthair go borb te, agus insíonn sé dúinn go bhfuil Séamas Óg á 'thachtadh aniugh' gan trócaire le 'córda righin' (l. 4). Tugann an rann oscailte seo sinn ón dtruamhéil go dtí an foréigean, ón láithreach leanúnach go dtí an aimsir chaite chríochnaithe agus go dtí an láithreach searbh arís go tiubh te tapaidh faoi mar a bheadh an file ag iarraidh mearbhall na heachtra a chur ina luí ar a éisteoirí.

D'fhéadfaí an luascadh so ó aimsir agus ó ghné ghramadúil go a chéile a thuiscint ar an gcuma so: is ar Lá le Pádraig 1720 a daoradh Séamas Óg chun báis, ach níor crochadh é go dtí an 7ú Bealtaine 1720. Is é is dóichí nár cumadh na dréachtaí caointe go dtí go raibh an Coitireach curtha chun báis óir, ba dhóigh le duine ná leomhfadh na filí labhairt ar bheart ghránna nár lú orthu ná an sioc agus a súil le Dia ná cuirfí a leithéid i gcrích. Leis sin, b'fhéidir gur ag tagairt den dtréimhse ama ón ndaoradh go dtí aimsir an chrochta a bhí Mac Cartáin. Tá a leithéid le fáil i gceann de na caointe a chum Éamonn de bhFál ar Shéamas Óg, 'dá chrochadh anois le monabar lucht fill is tnáith'.[31] Is dóigh liom gur gléas ceapadóireachta é seo atá ag an mbeirt fhile chun an *eachtra* shuaite aigne ón Márta go Bealtaine a léiriú agus na filí agus an pobal dár scríobhadar ag súil ó lá go a chéile go bhfaigheadh a ngaiscíoch faoiseamh an phardúin.[32]

[30] 'do leagadh 'na gcith na coin ba mhó sa tír' (l. 3). Is mar bhriathar saor aimsir chaite a léim 'do leagadh'. Go hiondúil is téarma moltach é 'cú', téarma a cháilíonn 'ba mhó sa tír', i.e. na gaiscígh nó na taoisigh ba mhó sa tír *à la* na Niallaigh, na Cárthaigh etc. a leagadh ina gcith. Dá léifí 'leagadh' mar thríú pearsa uatha, aimsir ghnáthchaite agus 'coin' mar 'naimhde' ní thiocfadh sé le ciall go mbíodh Séamas Óg ag leagadh na gceannairí Protastúnacha ba mhó sa tír mar nár dhein amhlaidh agus ná beadh ar chumas a dhéanamh fiú dá mba mhaith leis.

[31] *Fochtaim ort an doiligh leat, a Rí na grás* (l. 4).

[32] Is é mo mhórthuairim féin ná gur tháinig cúirt éigse Charraig na bhFear le chéile go gairid tar éis bháis Shéamais Óig chun na caointe atá thuasluaite a léamh. Tagraíonn an Déan Swift do bhailéad a cumadh ar Shéamas Óg ina phaimfléad *A proposal for the universal use of Irish manufacture*. Uair éigin tar éis chrochta an Choitirgh (7/5/1720) agus roimh lá breithe Rí Sheoirse I (28/5/1720) a scríobhadh an paimfléad: 'The ballad upon Cotter is vehemently suspected to be Irish manufacture; and yet is allowed to be sung in our open streets, under the very noses of the government' (Swift 1720, 23). Dearbhaíonn tagairt a bhí i leagan Bhaile Átha Cliath den bpaimfléad gurb é Séamas Óg Mac Coitir an 'Cotter' atá luaite. B'fhéidir gurb é an bailéad a chum Éamonn de bhFál, *Mo léirghoin go brách,* atá i gceist – pé acu an é nó nach é – léiríonn an tagairt seo dúinn go raibh bailéad ar Shéamas Óg le clos go hoscailte ar shráideanna Bhaile Átha Cliath laethanta tar éis a bháis.

Sa dara véarsa cuirtear síos ar an bhfulaingt agus ar an aithreachas a bhraitheann Mac Cartáin toisc nárbh i mbruíon, nó ar an bhfarraige, nó ar chath cnoic a maraíodh Séamas Óg. Seo aithreachas atá le feiscint i gcuid de na caointe eile, leis. Ghlacfaidís leis an mbás dá mba ar mhaithe le cás na nÉireannach ab ea é, go ndéanfaí mairtíreach catha don gCoitireach agus ní liobar de mhairtíreach a d'éagfadh de bharr breithe a thug cúirt cham Ghallda air. Chuaigh an bás so i gcoinne seantraidisiúin cheartchreidmheacha na nGael – na tréithe a mhúnlaigh idé-eolaíocht an tSeacaibíteachais agus a chothaigh creideamh láidir i moráltacht chúise lucht a leanta. Is as an dtobar seo go díreach a fáisceadh Uilliam Mac Cartáin agus a chomhfhilí. Ghoill cúinsí báis an Choitirigh Óig go mór orthu. Níor chreideadar go raibh sé ciontach san éigniú, ach go raibh an Chinsealacht ciontach sa bhfeall. Feicimid macalla i líne dheiridh an rainn seo de líne dheiridh an chéad rainn, ach go bhfuil Séamas Óg tachta faoin dtráth so seachas a bheith 'dá thachtadh'. Is é sin le rá go bhfuil an feillbheart déanta.

Glanann an clabhsúr so slí do Mhac Cartáin labhairt air féin. 'Ó cailleadh', a deir sé, an fiolar, an dragún oilte agus 'ursa slógh na scríob' (l. 10), ní mhairfidh sé leis an ndobhrón, agus iarrann sé go gcuirfear é féin beo sa talamh sara gcuirfear Séamas Óg ann, 'is curthar beó mé roimhe' (l. 12). Tagraíonn sé go háirithe don 'ngníomh'. Léim gníomh mar *deed* nó *manoeuvre*, is é sin an feachtas a chuir Protastúnaigh Chorcaí agus na Quakers le chéile go comhfhiosach chun deireadh a chur le Séamas Óg. Léiríonn an saghas so cainte éadóchas domhain dorcha i sícé an fhile. Níl sé ar a chumas a thuilleadh den ainnise seo a sheasamh. Tá sé ar an ndé deiridh, tá an troid agus an teaspach tar éis é a thréigint. Tá scim dhorcha an dubhachais á thraochadh agus níl sé ábalta ar mhaireachtaint léi.

Léirítear suaitheadh amh an fhile sa chéad rann, aithreachas sa dara rann, an t-anbhá sa tríú rann. Tagann soiléireacht i machnamh an fhile sa cheathrú rann. Cuirtear maitheas agus daonnacht Shéamais Óig in úil. Dírítear ar an bhfear óg láidir a bhíodh i measc na ndaoine, é cuideachtúil agus flaithiúil 'i dtighthibh óil', gan snaidhm ar a mheon agus gan snaidhm ar a sparán. Ach, cé go dtugtar go dtí stádas umhal na cosmhuintire é is iad tréithe an taoisigh Ghaelaigh a leagtar air i ndúnadh an rainn, 'lán d'anam, is d'iocht, is d'oineach mhór gan mhaíomh' (l. 16). Fágann san scóip ag an bhfile aitheasc a chraobhscaoileadh go dtí a lucht éisteachta. Tá sé tar éis an mearbhall a bhí air go dtí so a chur de – is é Uilliam Mac Cartáin an Dúna, an ceann cúirte agus an file atá ag labhairt le húdarás anois. Labhrann sé ar an rud 'is cóir' a dhéanamh agus úsáideann sé an dobhriathar 'anois'. Is dóigh

liom go bhfreagraíonn an dobhriathar ama 'anois' do thionól éigse atá ar bun nó ar tí a bheith ar bun, ach ciallaíonn sé, leis, go bhfuil sé in am labhairt amach go díreach agus caint gan éifeacht a fhágaint ar lár, ('gan bhladar ar bith' (l. 18)). Braithim nach moladh bladartha ginearálta atá i gceist ag an bhfile ach gur fonn leis a áiteamh gurbh é an mianach calma céanna a bhí i Séamas Óg agus a bhí san athair, Sur Séamas Mac Coitir, a bhí ar lucht leanúna an Rí Séarlas II le linn a thréimhse deoraíochta thar lear idir na blianta 1651 agus 1660, a bhí páirteach i marú John Lisle i 1664, agus a bhí ina bhriogáidire ar fhórsaí Seacaibíteacha an Rí Séamas II sa Mhumhain i rith Chogadh an Dá Rí.[33] Ba ghaiscíoch don mianach céanna é Séamas Óg, an mianach a bhí sna Gaeil a thacaigh agus a lean an ríora Stíobhartach. Sin é is brí le 'seabhac do shliocht na gcuradh lóchrann ríogh' (l. 19). An dream atá suas anois in Éirinn agus go háirithe i gCorcaigh – 'dronga cróna an fhill', is maith atá a fhios acu, a deir an file, nár chara dóibh na ríthe sin, agus dá bhrí sin nár chara dóibh Séamas Óg agus a athair roimhe, leis.[34] I súile na Cinsealachta ní raibh ann ach Seacaibíteach sráide, é ina phápaire le heastát mór talún, nó dar lena thuilleadh acu, dob é mac an fheallmharfóra, Sur Séamas Mac Éamoinn Mac Coitir.[35] Trí shúilibh na bhfilí b'eiseamláir den dtaoiseach Gaelach calma a d'iompair é féin le cúirtéis agus ceart na seanGhael ab ea Séamas Óg. Ba é an crann taca a bhí ar a ingní deiridh ag iarraidh a dhúchas a leanúint agus a dhein amhlaidh in ainneoin gach iarrachta ón gCinsealacht an dúchas san a scrios. B'iarsma é don aicme shoch-chultúrtha Ghaelach a bhí díbeartha as an dtír i dteannta an rí chirt[36] – cé nach ag caint ar dhíbirt a bhí Mac Cartáin, ach ar 'leagadh' (l. 3).

Leanann Mac Cartáin leis an ndeighilt, is 'léan linne' (l. 21), a deir sé, Séamas Óg a bheith marbh.[37] Cuireann sé síos ar a dhea-thréithe agus tagraíonn sé don 'léan' a bhí orthu nach 'i ngoradh na gclaíomh' (l. 23) a cailleadh an 'féinics' fial. Is díol spéise é an téarma 'féinics' ann féin; téarma a shamhlaítí le ceart oidhreachtúil na rí agus a d'úsáidtí mar mheafar do dhlisteanú an ríora chirt in idé-eolaíocht Sheacaibíteach na linne sin.[38] Sa rann deiridh casann Mac Cartáin, go neamaiteach, an drochscéala thar n-ais arís. Íslíonn an t-athrú meadarachta / ou – a – – a – – ai ó / an mheanma a thuilleadh.[39] Bhain gortú meitifisiciúil dá anam de dheascaibh an mharaithe. Dúnann an dán le hinsint lom oscailte. Iompaíonn sé thar n-ais go dtí am na croiche faoi mar a bheadh an scéal ag tarlú agus é á eachtraí. Tá seabhac na faille i ngéibheann ag na bathlachaibh mallaithe atá i bhfeighil na croiche. Tá contrárthacht idir saoirse an tseabhaic fhaille agus 'teannta' an phríosúin.[40] Dúnann sé an dán ar líne fhoréigneach a nochtann gruaim an scéil go beacht, an ceann dá ghearradh de Shéamas Óg ag 'madra seighleora'. Níl fágtha don neicseas soch-chultúrtha Gaelach[41] – is é sin, an chléir, an pátrún agus an file – anois, ach an file. Níl aon insint rómánsúil ar thitim gaiscígh sa dán so. Ní luaitear comhcheilg ná an cás cúirte agus ní luaitear Elizabeth Squibb sa dán. Ní deirtear an raibh sé ciontach nó neamhchiontach sa choir a cuireadh air; is é an tuiscint ó thús deireadh ná go bhfuil Séamas Óg Mac Coitir crochta mar gurb é sin toil na Cinsealachta Sasanaí.

[33] Féach Ó Cuív (1959).

[34] Tá an léamh a dheinim ar línte 17–20 bunoscionn leis an léamh a dheinim ar na línte céanna in Ó Murchú (2014, 158). Is bunaithe ar pháipéar a thugas i 2010 atá an t-alt san agus ní raibh ach teacht agam ar LS A ag an am.

[35] Bhí gaolta cumhachta do John Lisle i gcónaí ag faire an Choitirigh Óig ag súil le díoltas a fháil as an bpáirt a ghlac a athair i bhfeallmharú an rímharfóra iomráitigh. Féach Ó Buachalla (1993) agus go háirithe Ó Muirí (2012, 751 agus 755).

[36] Séamas II, i.e. Stíobhart.

[37] Léiríonn na caointe dearcadh an dá thaoibh go beacht, nuair a bhí leantóirí Shéamais Óig go dubhach ina dhiaidh, bhí an Chinsealacht á cheiliúradh le háthas. Tóg mar shampla *Mór an chreillse*: 'creill do dheimhnigh meadhair ar Chlayton, /creill bheir greadhain cé tinn ar Mhaynard, / creill do mhúscail súghchas Fairfax, / an chreill tug fuinneamh i misneach na bhfaolchon (ll 5–8). Foilsithe in Ó Foghludha (1937).

LÁMHSCRÍBHINNÍ

Bunaíodh an t-eagrán so ar LS A. Tugadh tús áite di toisc gurb í is sine acu agus gur mheas an t-eagarthóir gurb í is foirfe tar éis dó na cóipeanna eile a léamh. Tá na cóipeanna eile liostaithe in ord a gcáilíochtaí thíos.

[38] Féach in Ó Buachalla (1996, 231–4).

[39] Cuireann Aogán Ó Rathaille a chuid feirge in úil i rann deiridh *Tonn Tóime* le hathrú meadarachta den sórt so, leis: / au – í – í – é – á / 'do ghlam nach binn do dhingfinn féin id bhráid' (Ó Buachalla 2007, 12). Maidir le plé ar ionramháil na meadarachta in *Tonn Tóime* féach Ó Tuama (1978, 94–8).

[40] Díol suime is ea na téarmaí molta gaisciúla agus tiarnúla a bhronn an file ar Shéamas Óg: faraire an tsuilt, mo churadh cródha, mo leóghan groí, an fiolar, dreagan, ursa slóg na scríob, gas seangachoirp, león, flaith, seabhac do shliocht na gcuradh lóchrann ríogh, féithleann na féile, féinics, réalta mhear éadrom, seabhac na faille. Féach Knott 1922, lii–lvi. D'fhéadfaí cur go mór leis an liosta seo dá dtógfaí téarmaí as na caointe eile a cumadh air.

[41] Is é Breandán Ó Buachalla a bhunaigh an nath san: '*Párliament na mBan* not only reveals the Cotters' links with the clergy, literati and gentry of their time but the circumstances of its composition, cultivation and transmission afford revealing insight into the socio-cultural nexus of priest/poet/patron which assiduously maintained an intellectual life among the indigenous gentry and which cultivated its aristocratic ethic' (Ó Buachalla 1993, 472).

Na LSÍ a breithníodh i gcomhair an eagráin:

RIA A iv 2 [lch 55 *a*] (A): Seán de Niadh a bhreac an chuid is mó di. Tá na blianta 1751–57 luaite léi. Is i Maigh Chromtha, Co. Chorcaí a breacadh í. 'Uilliam mac Cairteáin an dúna cct. air bhás Shéamuis mhic Coitir *Esquire* noch do crochadh a ccorcaidh do thaobh éignighthe Eilís *Squib Quaker*'. Tá sé chaoineadh,[42] feartlaoi (1v.) agus paidir (1v.) ar Shéamas Óg Mac Coitir le chéile san LS seo.

TCD 1365 [lch 129] (C): Tadhg Mac Conmara, 1756–57, i gCorcaigh. 'William mac Cairtean an dún*a* cct. air bhás Shéamuis mhic Coitir an tan crochadh a ccorcaidh é a dtaobh éignight*h*e Eilís *Squib Quaker*'. Tá difríochtaí beaga idir an dá théacs atá léirithe sna *variae* a thugann le fios domsa nach cóip dhíreach í seo do A. Díol spéise go bhfuil mar a bheadh sleamhnú pinn in A ar líne 16 rud a fhágann an chuma ar an bhfocal 'mhór' gur *chnór* atá scríofa. Má scrúdaítear i gceart é is léir gur 'mhór' atá i gceist; *chnór* atá in C.

RIA 23 I 26 [lch 85] (E): Mícheál Aingleond an príomhscríobhaí, 1772–80. Níl sé soiléir cár scríobhadh í, b'fhéidir i gCeann Toirc, Co. Chorcaí nó áit éigin i bPort Láirge. 'Uilliam Mac Cairteáin an dúna cct. air bhás Shéamuis mhic Coitir *Esquire* noch do crochadh a ccorcaidh do thaoibh éigighthe (sic) Eilís Squib *Quaker*'. Mar aon le A tá sé chaoineadh, feartlaoi (1 v.) agus paidir (1 v.) ar Shéamas Óg anso. Tá siad san ord céanna le A. Tá cuid mhaith difríochtaí, nó lochtaí i dtéacs E ná fuil in A.[43] Ach, tá cosúlachtaí idir ceann de na caointe eile, *Fochtaim ort an doiligh leat, a Rí na ngrás* le hÉamonn de bhFál, ná fuil le feiscint in aon cheann de na naoi leaganacha eile a d'úsáideas i gcomhair an eagráin seo.[44] Mar sin féin tá líne dheireanach an dáin chéanna in easnamh in E agus tá rann iomlán in easnamh as iarracht Sheáin Chláraigh Mhic Dhónaill, *Do tolladh me trém aeibhse is do goineadh me im scairt*.[45] Níl an phoncaíocht atá in A anso, leis.

[42] Le ceart níl ach chúig chaoineadh ann, is aon dán amháin iad *Fochtaim ort an doilbh leat, a Rígh na ngrás* (lch 56 *a*) agus *Mo dheacairbhruidsi, a mharcuig mhir do phríomhfhuil triaith* (lch 58 *a*). Chuir pé foinse a bhí ag an scríobhaí amú é.

[43] Féach go háirithe l. 20.

[44] Maidir le heagráin féach fonóta 1 thuas. Tá dán an Fháltaigh foilsithe ag Fiachra Éilgeach cheana in Ó Foghludha (1946). Luafad cuid de na cosúlachtaí ná fuil le fáil in aon leagan eile anso: 'croibhfhinne' in ionad 'donna gile' (l. 5), 'do chlaoidh do lámh' in ionad 'do shnuidhim do lámh' (l. 24), 'do ghnáith' in ionad 'gach lá' (l. 26), 'tug rígh ar Ghort Fáil' in ionad 'a fhuighill an áir' (l. 30).

[45] Chum Seán Clárach Mac Dónaill an caoineadh seacht rann so ar Shéamas Óg. Is é rann a cúig, a thosnaíonn *Do dhoirchigh an ré, shléachtaigh go doilbh a brat* atá in easnamh in (E). Féach Ó hÓgáin (2011) maidir le heagrán.

Ceapaim gur cóip indíreach í seo de A, go háirithe nuair a áirímid measúnú an chatalógaí gur LS í atá scríte le cáiréis (Fitzpatrick 1933, 1115).

NLI G 353 [lch 278] (G): Pól Ó Longáin, 1821, i gCorcaigh. 'Uilliam mac Cairteáin cct. air bhás Sir Séamus mac Coitir. 1720'. Cuireadh í le chéile ar ordú speisialta a thug an tUrr. G. E. Cotter do Mhícheál Óg Ó Longáin. *Párliament na mBan*[46] atá ina tosach; tá chúig chaoineadh ar Shéamas Óg inti agus ceann ar Sur Séamas Mac Coitir, chomh maith le dánta adhmholta na *Párliamente*. Chuir Mícheál Óg a mhac Pól ag déanamh na hoibre, le beagán cabhrach uaidh féin agus ó leathchúpla Phóil, Peadar.[47]

San M.1 [lch 340] (I): Tadhg Ó Conaill, 1827, Tobar Rí an Domhnaigh, Cathair Chorcaí. 'Uilliam Mac Cairteáin an dúna cct. air bhás Shéamuis Mac Coitir. 1720'. Bhíodh LSÍ siar agus aniar idir é féin agus Mícheál Óg Ó Longáin. Tá fo-rud coitianta idir í seo agus (G) a thugann le fios go mb'fhéidir gurb as an bhfoinse chéanna a breacadh iad.

RIA 24 C 43 [lch 184] (K): Seán Ó Dálaigh, 1827–28, Baile Átha Cliath. 'Uilliam Mac Cartáin an Dúna cct. ar bhás Shéamais m*hi*c Coitir, noch de crochadh a ccorcaidh do thaoibh éignighthe Eilís Sguib *Quaker*'.

MN B 3 [lch 77 *i*] (M): Tuairimíonn an catalógaí gurb é Seán Ó Conaire a bhreac í. Más é, is dóichí gur i gCorcaigh a breacadh í idir na blianta 1757–70.[48] Leagtar, go neamhcheart, an dán ar Liam Rua Mac Coitir. Tá feartlaoi cheithre líne a chum Liam Rua scríofa ar fhaid an leathanaigh.[49] Is cóip lochtach í seo, féach go háirithe 'tinn' (l. 15), 'diocht oinig mhóir is ghrinn' (l. 16), 'ghlinn' (l. 18), 'na curadh' (l. 19), 'nár dhanuid leo tuitim' (l. 20), 'is phénix mear aorach ba bhorb i mbrighin' (l. 24), 'na gaisge' (l. 26).

[46] Is de na Coitirigh chéanna an tUrramach Cotter agus Coitirigh Bhaile na Speire (Ó Cuív 1956, 136).

[47] Ó Conchúir 1982, 142.

[48] Maidir le tuairim an chatalógaí féach Ó Fiannachta (1967, 116). Deir Breandán Ó Conchúir gur sna blianta 1757–70 a bhíodh Ó Conaire ag saothrú na LSÍ (Ó Conchúir 1982, 52). (Gabhaim mo bhuíochas le Audrey Kinch agus Susan Durack ó Leabharlann, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, as grianghraif den LS seo a sholáthar dom).

[49] Mar a ráiníonn sé tagann an fheartlaoi seo díreach i ndiaidh an dáin seo in A, E agus K. Tá sé tugtha le fios go soiléir iontu gur véarsa aonair atá i gceist atá neamhspleách ar an ndán.

Na LSÍ nár áiríodh sa chóiriú:

RIA 12 E 24 [lch 228] (O): Seán Ó Dálaigh a bhreac an chuid is mó di, b'fhéidir gur i gCill Chainnigh a bhí sé am a breacaithe, idir 1844–45. Tá seacht ndán agus dhá phaidir ar an gCoitireach anso. Is cóip iad den líon céanna téacsanna a bhreac an Dálach in K. Is é an t-aon difríocht shuntasach atá eatarthu ná go bhfuil ceann de na paidreacha ar an gcúigiú téacs in K nuair atá sé ar an dara téacs anso i dteannta na paidre eile. Leagtar an dá phaidir ar Liam Rua Mac Coitir, de bhrí go mbaineann sé le ciall agus le slacht iad a chur ar shálaibh a chéile. Pé acu an cóip í seo de théacsaí K nó nach ea; is ón bhfoinse chéanna dóibh, leis sin níor áiríodh í sna malairtí.

RIA 23 E 12 [lch 314 *i*] (Q): Nioclás Ó Cearnaigh a bhreac í c.1846. Is iad an seacht dtéacs céanna atá anso agus atá in K agus in O. Tá an t-ord céanna orthu anso le O. Cóip is ea iad so de O, leis sin níor áiríodh an LS seo sna malairtí.

RIA 23 G 25 [lch 331] (S): Is é Mícheál Óg Ó Longáin a bhreac an chuid is mó di ach is i láimh Pheadair Uí Longáin atá an dán so (lgh 331–2). Tá áiteanna éagsúla i gCorcaigh luaite le háit a breacaithe agus tá blianta éagsúla luaite, leis. I dtaobh í a bheith siar agus aniar as na háiteanna éagsúla ní féidir a rá le aon tsiúráil cár breacadh í. Tá an bhliain 1822 luaite ar lch 322 agus tá an bhliain 1831 luaite ar lch 351, mar sin ní foláir nó bhreac an scríobhaí í uair éigin idir na blianta san. Ciallaíonn san go bhfuil sí ar a laghad bliain níos óige ná NLI G 353 G a bhreac Pól Ó Longáin (1821). Tá rialtacht litrithe idir an dá chóip ná fuil le feiscint sna cóipeanna eile a thugann le fios gur ón bhfoinse chéanna a thánadar: *farruire* (l. 2), *curtair* (l. 12), *a mhuídeamh* (l. 17), *a bhfeadhal* (l. 27), *féighléora* (l. 28). Dearbhaíonn nóta in G go raibh sí i seilbh an Urr. Cotter faoi 1821,[50] dá bhrí sin ní móide gur cóip í seo de G ach gur ón bhfoinse chéanna a bhí i seilbh na Longánach agus ná fuil teacht uirthi anois a thagann sí. Ar na cúinsí thuasluaite níor áiríodh í seo sna malairtí.

MN C 87 [lch 666] (U): Is é Peadar Ó Dálaigh a bhreac an chéad 110 leathanach di timpeall ar 1806–07, agus is é Eoghan Ó Comhraí a bhreac an chuid eile di idir 1840–60. Is as C a chóipeáil Ó Comhraí an dán. D'fhág sé nóta ar lch 667 'Copied from H 4.24 . . . transcribed in Cork 1757, by Teigue Mac Namara. E. Curry 1841'.

[50] 'This book was purchased by me *(Urr. G. E. Cotter)* from Micl. Long of Carrignivar by whose son it was written and who brought it to me when I was curate of White Church in 1821' (Ní Shéaghdha 1984, 49).

RIA 23 A 29 [lch 213 *m*] (W): Seán Ó Moithill a bhreac í i gCorcaigh i 1804–05. Mar aon le (M), is ar Liam Rua Mac Coitir a leagtar an dán. Tá sí seo agus M focal ar fhocal mar an gcéanna, is beag difríocht idir an litriú féin. Tá línte 14 agus ar 15 ar dtuathal mar atá in M. Tá an dealramh air gur as M a thóg Ó Moithill an leagan so. Leis sin níor áiríodh í seo sna malairtí.

CÓIRIÚ AN TÉACS

Is ar LS (A) a bunaíodh an t-eagrán so. Mínítear sna nótaí téacsúla thíos nuair nár cloíodh go docht leis an LS. Leanadh gnáthchóras litrithe ár linne, i.e. an litriú atá in *Foclóir Gaeilge-Béarla* (FGB) Néill Uí Dhónaill, ach i gcás ná raibh leagan an fhocail in FGB leanadh litriú A, má bhí bonn stairiúil leis, i.e. *aniugh* (l. 4), *seighleóra* (l. 28). Cloíodh leis an litriú stairiúil nuair a d'éiligh an mheadaracht é, i.e. *leóghan* (l. 8) Leanadh an LS maidir le forainmneacha agus réamhfhocail chomh fada le foirm ach tugadh iad chun caighdeáin sa chás ná raibh aon athrú fóineolaíochta suntasach i gceist, i.e. *a* > *i*, *air* > *ar*. Cloíodh leis na tréithe canúnacha Muimhneacha nuair a bhí a leithéid i bhformhór na LSÍ, i.e. *an ghaisce* (l. 11). Tá na rainn leagtha amach go soiléir sna LSÍ mar atáid anso, ach is é an t-eagarthóir a thóg cúram na poncaíochta air féin. Is difríochtaí suaithinseacha le téacs an eagráin ó thaobhlitrithe, focal, meadarachta agus comhréire atá taispeánta san *text varia*.

AN MHEADARACHT

Meadaracht: *Amhrán*
ll 1–20 { (–) a – – *i – *i – ó – í }[51]
ll 21–4 { (–) é – – é – o – – í }
ll 25–8 { (–) au – a – – a – – ai ó – }

Nóta:
Seo é patrún comhfhuaimeanna ll 1–20: { (–) a – – i/u – i/u – ó – í }
D'fhéadfadh an guta /o/ nó /u/ a bheith sna focail *cnoc*, *son*, agus *dronga* ach mar a deir Ó Concheanainn soláthraíonn na gutaí /i/, /u/ agus /o/ comhfhuaim dá chéile.

[51] Leanadh treoir Uí Chonchenainn anso: 'Tá an comhartha /*i/ sna patrúin mheadarachta againn mar a bhfuil malartúchán idir /i/, /o/, /u/, ó líne go chéile ...' (de Brún, Ó Buachalla, Ó Concheanainn (1971, ix).

Is é is dóichí gurb í an fhoirm dhéshiollach – *age* – den réamhfhocal *ag* – agus an t-aiceann ar an dara siolla di – is gá a rá sa bhfrása 'dhá ghearradh 'ge madra seighleóra' chun an dá ghuta neamhaiceanta roimh *madra* a sholáthar.

Is focail aonsiollacha agus an guta fada -í- iontu iad seo: *sinn* (l. 2), *righin* (l. 4), *nimhe* (l. 5), *roimhe* (l. 12), *snuidhim* (l. 13), *tim* (l. 15), *nglinn* (l. 18), *an fhill* (l. 20).[52]

Focail aonsiollacha agus na défhogair *-au-* agus -ai- [*əi*] iontu faoi seach: *seabhac* (l. 26), *bhfeighil* (l. 27).

An guta fada *-ó-* sa chéad siolla de *corda* (l. 4).

Focail dhéshiollacha: *cródha* (l. 6), *leóghan* (l. 8), *seabhac* (l. 19).

Focail thríshiollacha agus an guta cúnta iontu: *marbh* (l. 6), *feardha* (l. 15), *chalmacht* (l. 17). Tá an dealramh air gur cumasc idir an forainm taispeántach *sin* / *soin* agus an forainm treisithe *-san* a thugann *son* dúinn ach gur mhó an taithí a bhí ag scríobhaithe an fhoirm *san* a scríobh.

TÉACS

Mo dhanaid go fuin, mo shileadh deór, mo scíos,
faraire an tsuilt do chuir go brónach sinn,
– do leagadh 'na gcith na coin ba mhó sa tír –
dá thachtadh gan iocht aniugh le corda righin.

Mo ghalar go goirt, mo ghoin, mo scóladh nimhe,
nach marbh do thuit mo churadh cródha i mbruín,
i dtreasaibh ar muir nó ar cnoc i ngleó na gclaíomh,
suil tachtadh gan iocht aniugh mo leóghan groí.

Ó cailleadh an fiolar cumais ceólmhar croí,
dreagan dob oilte is ursa slógh na scríob;
an ghaisce do thuit, mo thurraing mhór an gníomh,
ní mhairfeadsa anois, is curthar beó mé roimhe.

Fear fairsing bog fliuch i dtighthibh óil gan snuidhim,
gas seangachoirp dil nár mhire león i ngníomh,
flaith feardha i gcruith do chuireadh treóin go tim;
lán d'anam is d'iocht is d'oineach mhór gan mhaíomh.

A chalmacht son anois is cóir a mhaíomh
gan bhladar ar bith acht tuigsin eólach nglinn;

[52] *cróna an fhill* = *cró-na 'nfhill* (l. 20).

seabhac do shliocht na gcuradh lóchrann ríogh,
nachar chara dhóibh, tuigid dronga cróna an fhill.

Feartlaoi

Is léan linne Séamas Mac Coitir 'na luí,
féithleann na féile do bhronnadh an fíon,
féinics nár traochadh i ngoradh na gclaíomh,
is réalta mhear éadrom nár choigilteach croí.

Nách geall re m'anam bheith treascartha treaghleóinte,
seabhac na faille 'sa faraire feidhmchródha,
i dteannta ag bathlachaibh mallaithe i bhfeighil córda
's a cheann dhá ghearradh aige madra seighleóra.

Ceannscríbhíní

A 'Uilliam mac Cairteáin an dúna cct. air bhás Shéamuis mhic Coitir *Esquire* noch do crochadh a ccorcaidh do thaobh éignighthe Eilís *Squib Quaker*'; C 'Uilliam mac Cairtean an dún*a* cct. air bhás Shéamuis mhic Coitir an tan crochadh a ccorcaidh é a dtaobh éignight*h*e Eilís *Squib Quaker*'; E 'Uilliam Mac Cairteáin an dúna cct. air bhás Shéamuis mhic Coitir *Esquire* noch do crochadh a ccorcaidh do thaoibh éigighthe (*sic.*) Eilís Squib *Quaker*'; G 'Uilliam mac Cairteáin cct. air bhás Sir Séamus mac Coitir. 1720'; I 'Uilliam Mac Cairteáin an dúna cct. air bhás Shéamuis Mac Coitir. 1720'; K 'Uilliam Mac Cartáin an Dúna cct. ar bhás Shéamais m*hi*c Coitir, noch de crochadh a ccorcaidh do thaoibh éignighthe Eilís Sguib *Quaker*'; M 'Uilliam Ruadh M*a*c Coitir cct. ar bhás Shéamuis m*hi*c Coitir'.

Athruithe agus malairtí

1 dhaithnid I.
2 farruire G.
3 do leagadh] do leagach ACEK, na gcith (*in easnamh in C*), na gcioth K, san tír IKM.
4 dá thachtadh] dá thachta ACEGIK, aniodh M.
5 mo scóladh] mo sgóll*adh* ACEM, mo sgólladh GIK, nímhe] neímhe AM, noímhe C.
6 nach mar G, i mbruín] a mbruíghin ACEGIKM.
7 air chnoc CEIK, na gclaíomh] na ccloidheamh ACEGIK, na cclíomh M.
8 suil tachtadh] suil thachtadh AC, suil a tachta K, sul a tachtadh M, sul tachtadh EI, leóghan groí] leoghan groidhe ACGIM, leoghan mear groidhe EK.

9 croí] croídhe ACGI, groídhe EK, binn M.
10 slóig GIM, na scríobh ACE, sgríob GIKM.
11 an gaisge E, mo thurainn EGI.
12 mharfadsa C, mhairfiodsa I, curtair G.
13 farsing G, snaídhim IM.
Tá línte 14 agus 15 ar dtuathal in M.
14 náir G, nár mire C, león] leóghan ACEGIK, leomhan a gníobh M.
15 flath G, fearadha AC, fearradha G, feardha EIK, treon C, go tinn M.
16 diocht oinigh mhóir is ghrinn M, chnór C, gan mhaíomh] gan mhaoidheamh ACEGI, gan mhuidheamh K.
17 is as cóir E, a mhaíomh] a mhaoidheamh ACEM, a mhuídeamh G, a mhaoídheamh I, a mhuidheamh K.
18 ar bioth ach tuigsin eolaigh ghlinn M.
19 na gcuradh] na ccura AC, na ccurradh EIGK, na curadh M.
20 da thachta gan iocht aig EK, nachara AC, náir charadh dóibh, tuigidh G, na'r caradh dhoibh I, nar dhanuid leo tuitim M.
21 mhic EK, 'na luí] luídhe ACE, luíghe GIKM.
23 laoch mear nár M, na gclaíomh] na ccloidheamh ACEGIK, na cclíomh M.
24 is Realta m*ear* E, is réalta mear GK, raelte mear éadtrom I, nár choigilteach] nár choigiltheach AC, nár choigilte EK, croí] croídhe ACEGIK, is *Phenix* mear aorach ba bhorb i mbruighín M.
25 leam E, ré manam M, treaghdleóinte] tréighleointe EGI, treighleóinte ACKM.
26 seabhac na gaisge sa faraire sodh cródha M, feidhmchródha] feadhmchrodha A, feadhm chrodha C, feidhm chroga E, feádhmchródha GI, feidhim cródha K.
27 balthacaibh E, aig baltachaibh K, mallaithe] mhalluighthe A, mhealluighthe C, malluidhthe E, mallaighthe GK, malluighthe IM, i bhfeighil] a bhfeaghal ACE, bhfeádhal G, a bhfeall IK, bhfeidhil M, chórda K.
28 da ghearradh E, dá ghéarra G, dá ghearradh IK, séighleora IKM, feighleora E, féighleora G.

AISTRIÚCHÁN

1-4 My grief forever, my shedding of tears, my sadness,
the fine fellow of the revelry who left us in sorrow,
– the greatest heroes in the country have been felled *en masse* –
is being strangled without mercy today with a stiff rope.

5-8 My bitter affliction, my wound, my poisonous scolding,
that my brave champion did not fall dead in a conflict,
in battles at sea or on a hill in the clamour of the swords,
before he was strangled without mercy today, my stout lion.

9-12 Since the powerful lively hearted hero died,
that warrior so skilful, a prop for swooping fighting-bands,
valour has fallen, a calamity for me is the deed,
I will not now live on, and let me be buried at once before him.

13-16 A lavish agreeable merry man, without restraint in the taverns,
beloved, slender-bodied stripling – no warrior was not swifter in action,
a prince manly in shape who set the hardy feeble;
full of spirit and kindness and of great generosity without boasting.

17-20 His bravery it is now right to declare
without any flattery, but with the understanding of clear-sighted, learned men:
(he was) a hero of a line of champions who were the guiding lights of kings
and was no friend to them, as the ugly treacherous factions well know.

Epitaph

21-4 We are afflicted seeing Séamas Mac Coitir laid out,
paragon of generosity who used to bestow wine,
a phoenix who was not exhausted in the clash of the swords
and a swift, nimble star, whose heart was never frugal.

25-8 It is as if my soul was stricken, pierced and wounded,
that the hawk of the cliff and the warrior of effective bravery,
is trapped and held by vicious louts in charge of a rope,
with his head being severed by a dog-like jailer.

NÓTAÍ TÉACSÚLA

3 Is iarmhachnamh í an líne seo. Ní mór **a**, **b** agus **d** a leanúint ar shálaibh a chéile chun leanúnachas comhréire a fháil; is in **c** atá an t-iarmhachnamh. Is féidir é a thuiscint mar seo: 'Táimidne, sinne, na Gaeil, brónach agus suaite toisc go bhfuil Séamas Mac Coitir, an té a choimeádadh cuideachta leis na daoine, á thachtadh gan trua inniu – ach gan dabht ní haon ionadh é seo mar tá

gaiscígh mhóra na tíre á ngearradh in éineacht le tamall de bhliantaibh anois'. Féach fonóta 31 maidir le *do leagadh*.

4 *iocht* Ciallaíonn 'iocht' *mercy* nó *clemency*. Tá seans go bhfuil an dá chiall leis anso. Is iad san gur crochadh é gan trua nó gur crochadh é gan phardún. Deineadh iarracht ar iomalairt a fháil do Shéamas Óg tar éis a chiontaithe ach níor ceadaíodh é ar deireadh cé go raibh Elizabeth Squibb, an giúiré a fuair ciontach é, an Tiarna Seanailéara agus tiarnaí giúistísí eile á lorg (Ó Muirí 2012: 751). Féach, leis, caoineadh Béarla – go bhfuil an dealramh air gur i nGaeilge a cumadh é an chéad lá – atá in LS Thaidhg Uí Neachtain (MN B 9). Is gearradh as nuachtán Corcaíoch é ná fuil teacht air inniu 'This is verified in great Cotter's Case, Whose Pardon, all his Friends could not Purchase ...' Foilsithe in Ó Buachalla (1993).

8 *suil tachtadh* 'suil thachtadh' atá san LS. Bíonn an séimhiú seo ar an mbriathar saor san aimsir chaite le clos sna Déise. Féach in SnaG 522: n. 8.36.

10 *ursa slógh na scríob* D'fhonn an chiall agus an mheadaracht a shásamh cuireadh isteach 'scríob' mar atá in GIKM seachas 'scríobh' mar atá in ACE.

Cé ná raibh aon chogadh in Éirinn in aimsir Shéamais Óig is é a thiomáin an slua i gcíréib a bhí ceapaithe chun cur isteach ar rogha vótálaithe i rith toghcháin 1713 i mBaile Átha Cliath (Ó Muirí 2012: 727). Ciontaíodh é sa chúirt i 1717 toisc gur ionsaigh sé an Captaen Cristopher Williams i bhforsheomar Thí na dTeachtaí, ionsaí nár bheag dar ndóigh:

> On the 13th instanr, (sic), Mr. Cotter, a Papist, who was in custody of the Serjeant at Arms, by Order of the House of Commons, for assaulting and wounding in the Lobby of the said House, Lieutenant Christian Williams, and since deliver'd up in order to be try'd at the Kings Bench Bar, for wearing arms, not having taken the Oaths, was try'd accordingly; and being convicted was fined 300 Marks, sentenced to lie in prison for three Months, and to give Security to his good behaviour during three years. (*Weekly Packet.* London, England, November 23, 1717 – November 30, 1717. Issue 282).

Agus, bhí an teist air – de réir an bhéaloidis ach go háirithe – go mbíodh sé bagrach leis na huaisle Protastúnacha agus go rabhadar sceimhlithe roimhe (Ó Buachalla 1993, 485).

11 *an ghaisce* Tá 'gaisce' dé-inscneach i nGaeilge Chorca Dhuibhne sa lá atá inniu ann agus baininscneach i bhformhór na LSÍ, leis.

13 *fliuch* Ag tagairt don ól atáthar anso – 'tá sé fliuch go maith = *he is fond of the drink'* (DIN s.v. fliuch). Ná raibh leisce air a dhóthain a ól i measc na ndaoine sa tábhairne, *fear fairsing bog fliuch* – é a bheith flaithiúil, cairdiúil agus é ar a chúilín tseamhrach agus é ag ól.

18 *ach tuigsin eólach nglinn* Is iad na daoine eolacha go bhfuil tuiscint cheart chothrom acu ar an gCoitireach atá i gceist anso, i.e. na Gaeil.

20 *nachar chara dhóibh tuigid* 'Nachara dhóibh tuigid' atá in A agus C. D'oireadh 'nár chara dhóibh' leis, ach is é is dóichí gur 'nachar chara' a bhí ag Mac Cartáin an chéad uair rud a mhíníonn an earráid a d'fhág 'nachara' againn. Mar is léir ó na malairtí níor réitigh na scríobhaithe ar cad ab fhearr a chur isteach.

26 *seabhac na faille* Tá nath cainte ann 'seabhac na faille fuaire', cf. DIN, s.v. faill.

27 *i dteannta* Is ag tagairt do thréimhse príosúntaíochta an Choitirigh atáthar, leis sin *held* nó *trapped* an Bhéarla an léamh a deineadh air. Bhí Séamas Óg Mac Coitir i bpríosún i gCorcaigh ó mhí Iúil 1719 go 7ú Bealtaine 1720, lá a bháis.

- *bathlachaibh* Ball den gCinsealacht Shasanach atá i gceist leis anso. Braithim gur athraigh gnáthúsáid an fhocail ó útamálaí fir, nó duine de chéim íseal go Protastúnach, Sasanach nó an té a thaobhaigh leo, i lár na 17ú haoise. Féach caint Uí Bhruadair c. 1652 'Beith béabhar cába ar árda gach caile / is gúna síoda ó inn go haltaibh, / biaid ár ndúnta ag pruntaibh bathlach / líonta d'áir-sidhibh cáisidhe is praisce' (DOB i, 36). Agus cuir é i gcomparáid le húsáid chuideachtúil an Haicéadaigh c. 1630 'A aicme ar ar dhoirt mo thoil-se a tionnghrádh dil, / nár aisig dham nod do chomhall cineáltais, / don bhathalach bheag bhocht gan chomhthrom compánaigh, / is mairg do loisg a shop 's a thiompán libh' (Ní Cheallacháin 1962: 6).
- *mallaithe* Tá sé séimhithe i ndiaidh an tabharthaigh iolra san LS. Níl sé seo neamhchoitianta ar fad, féach in *An tOileánach* ''Sea, do bhí lán an mhála do bhallachaibh mhóra bhreaca agem athair ...' (Ó Criomhthain 2002, 31).

28 *is a cheann dhá ghearradh* Toisc an chroch a bheith scriosta roimh oíche na croiche deirtear ná raibh ardán ann chun an cúram a dhéanamh mar ba cheart '(crochadh Mac Coitir) on a single post at the Gallows Green, by a staple and ring' (Lunham 1904, 66).

Ba dhóigh leat ar na línte seo gur crochadh thar a bheith gránna a bhí i gceist. Ní fairsingiú ón réalaíochas í an tuairimíocht gur baineadh an ceann de Shéamas Óg lá a mharaithe. Tá roinnt nod i

gcaointe eile a thacaíonn leis an dtuairim: ''s an t-oscar, cliste i ngoradh goile, a dhíthchinn cáin' *Fochtaim Ort* (l. 35), i.e an cháin (an dlí) a dhíthcheannaigh é, agus 'colann gan cheann gan labhairt gan éifeacht' *Mór an Chreillse* (l. 107).

- *madra seighleóra* Iasacht ó *jailer* an Bhéarla, tá sampla luath ag Séathrún Céitinn in *Eochair-sciath an Aifrinn* (c. 1615), 'Má tá gurab é an rígh do bheir párdún a anma do'n bhraighe bhíos damanta 'san phríosún. Maiseadh tairis sin is é an séighleóir sgaoileas amach é, agus osglas an glas bhíos air' (O'Brien 1898: 78).

AGUISÍN

NLI G 114

Is ó láimh an fhile féin a thagann an téacs so. Níor deineadh aon athrú ar an dtéacs seachas na noda a scaoileadh agus iad a léiriú sa chló iodálach. Cuireadh an phoncaíocht isteach. Cuireadh slacht ar an litriú nuair a bhí an baol ann go gcuirfeadh foirm na LS amú an léitheoir. Tá foirmeacha na LS le feiscint ag bun.

Meadaracht: *Amhrán*
ll 1–20 { (–) ó í – – í – – ia – á }
ll 21–4 { (–) *i – – ia – ia – á – ú }

[lch 58 *i*]

Uilliam M*a*c C*ar*tain c*ecini*t 29 die Marii 1703

Ró stríocfad dom phrímhrith 's do rian mo lámh
a ccló chaoinchur lé díogr*us* a ndiaigh na mál –
leoghain díbiortha bíodhbhudh is stiallta cnámh –
ós *finis* dom sgríbhin*n air* fhian*n*aibh fáil.

Treóin líomhtha do dhíthcheannaigh triatha táisg
a ngleó fhíochmhur dá síorghe*arr*adh a ngliadhaibh *áir*;
fóid aoibhn*ne ár* ttaoiseach, mo chiach m*ar* ttáid,
fó *a* naoidibh do dhíogr*as* a ccliabh go sámh.

Ceol sídhe aco, ríngce 7 fiadhach is stát
s beóir b*hr*íoghmhar an aoil bhrog go briathrach bláth;
scóp sin*nsir* ár saoithe 's *ár* mbiadhtach ccáidh
[a mbeóil] *choidhche da líonadh go giall dhon táin.*[53]

[53] Tá an líne ar fad doléite in NLI G 114. Is as Egerton 154, f.66, cóip dhíreach de G 114, a tógadh an líne seo. Tá an chéad fhocal in easnamh in Egerton 154. Buille faoi thuairim is ea 'a mbeóil'.

[lch 59]

An beó *i* ngeimhleachaibh cuíbhrighthe bhia*m* go brách
a ngeóc nímhneach na buídhne so a Dhia na ngrás?
fó*ir* sin*n* is ná cuímhnig *ar* n-i*ar*sma smáil
is ró-dhírigh a phríomhchoir 'na ccliabh *air* chách.

'S brón croidhe lio*m* nu*air* smaoini*m* a ndiaigh gach cáis
an ceó chím-si gan sgaoil*eadh* 's ár ccli*ar* go tláth;
EOIN fiorghlan an chaoinfhlaith do thriall t*ar* sál
smó bhíodhg me 's do ghríos me n*á* 's mian do rádh.

Ó d'imthig *ar* ccli*ar* is Fian*n*a Fáil *air* ccúl
don chruin*n*e – budh iad na triatha táisg is clú –
sir*im*-si an fial Mhac Dia dho tháil a chrú
ar ccoim*ir*c *air* chliathaibh diana námhad go dlúth.

stríocad (l. 1), stialltha (l. 3), dhíthcheann*a*cc (l. 5), ar (l. 10), ngímhleachaibh (l. 13), dhíricc (l. 16), phríomhchu*ir* (l. 16), sar ccliar (l. 18)[54], bhíodh (l. 20), na smian (l. 20).

TAGAIRTÍ

Breatnach, P. A., 1992: 'Togha na héigse 1700–1800' *Éigse* 26, 93–104.

Breatnach, P. A., 2010: 'Caoineadh Shéamais Óig Mhic Coitir (1720)' *Éigse* 37, 142–50.

Fitzpatrick, E., 1933: *Catalogue of Irish manuscripts in the Royal Irish Academy.* Fasc. 9. Dublin.

de Brún, P., Ó Buachalla, B. agus Ó Concheanainn, T. (eagí), 1971: *Nuadhuanaire.* Cuid I. Baile Átha Cliath.

Garnham, N., 1999: 'The trials of James Cotter and Henry, Baron Barry of Santry: two case studies in the administration of criminal justice in early eighteenth century Ireland' *Irish Historical Studies* 31: 123, 328–42.

Hogan, W. agus Ó Buachalla, L., 1963: 'The letters and papers of James Cotter Junior 1689–1720' *Journal of the Cork Historical and Archaeological Society* 48, 66–95.

Kelly, J., 2001: *Gallows speeches from eighteenth-century Ireland.* Dublin.

Knott, E., 1922: *The bardic poems of Tadhg Dall Ó Huiginn (1550-1591).* I. Lúndain.

Lunham, T. A., 1904: 'Some historical notices of Cork in the seventeenth and eighteenth centuries' in *Journal of the Cork Historical and Archaeological Society* 36, 65–9.

Mac Erlean, J. C. (eag.), 1910, 1913, 1917: *Duanaire Dháibhidh Uí Bhruadair.* I-III. London.

[54] 'sár ccliar' in Egerton 154.

McCone, K., McManus, D., Ó Háinle, C., William, N. agus Breatnach, L. (eagí), 1994: *Stair na Gaeilge in ómós do Pádraig Ó Fiannachta*. 1994. Maigh Nuad.
Ní Shéaghdha, N., 1984: *Catalogue of Irish manuscripts in the National Library of Ireland*. Fasc. 8. MSS G 331 – G 373. Dublin.
O'Brien, P. (eag.), 1898: *Eochair-sciath an Aifrinn.* Dublin.
Ó Conchúir, B., 1982: *Scríobhaithe Chorcaí 1700–1850.* Baile Átha Cliath.
Ó Conchúir, B., 1983. 'Eoin Baiste Mac Sleighne, easpag (1693–1712), agus pátrún ar an léann Gaelach' in P. de Brún, S. Ó Coileáin, S. agus P. Ó Riain (eagí), *Folia Gadelica*. Cork.
Ó Conchúir, B., 2000: 'Na cúirteanna éigse i gCúige Mumhan' in P. Riggs, B. Ó Conchúir, agus S. Ó Coileáin (eagí), *Saoi na héigse: aistí in ómós do Sheán Ó Tuama*. Baile Átha Cliath.
Ní Cheallacháin, M., 1962: *Filíocht Phádraigín Haicéad*. Baile Átha Cliath.
Ó Criomhthain, T., 2002: *An tOileánach*. Baile Átha Cliath.
Ó Buachalla, B., 1993: 'The making of a Cork Jacobite' in C. J. Buttimer agus P. Ó Flanagan (eagí), *Cork: History and Society.* Cork.
Ó Buachalla, B., 1996: *Aisling ghéar: na Stíobhartaigh agus an t-aos léinn 1603–1788.* Baile Átha Cliath.
Ó Buachalla, B. (eag.), 2007: *Aogán Ó Rathaille.* Baile Átha Cliath.
Ó Ciardha, É., 2004: *Ireland and the Jacobite cause, 1685–1766: a fatal attachment*. Dublin.
Ó Cuív, B. (eag.), 1952: *Párliament na mBan*. Baile Átha Cliath.
Ó Cuív, B., 1959: 'James Cotter, a seventeenth-century agent of the crown' *Journal of the Royal Society of Antiquaries of Ireland* 89, 135–59.
Ó Dónaill, N., 1992: *Foclóir Gaeilge-Béarla*. Baile Átha Cliath.
Ó Donnachadha, T. (eag.), 1916: *Amhráin Dhiarmada Mac Seáin Bhuidhe Mac Cárrthaigh*. Baile Átha Cliath.
Ó Fiannachta, P., 1967: *Lamhscríbhinní Gaeilge Choláiste Phádraig Má Nuad.* Fascúl 4. Má Nuad.
Ó Foghludha, R. (eag.), 1937: *Cois na Cora .i. Liam Ruadh Mac Coitir agus a shaothar fileata.* Baile Átha Cliath.
Ó Foghludha, R. (eag.), 1946: *Cois Caoin-Reathaighe .i. Filidheacht Éamuinn de bhFál ó Dhún Guairne*. Baile Átha Cliath.
Ó hÓgáin, É. (eag.), 2011: *Seán Clárach Mac Dónaill.* Baile Átha Cliath.
Ó Muirí, D., 2012: 'Séamas Óg Mac Coitir agus an dlí Gallda' in E. Mac Cárthaigh agus J. Uhlich, J. (eagí), *Féilscríbhinn do Chathal Ó Háinle.* Conamara.
Ó Murchú, T. L., 2014: 'The language of discontent in the elegies composed for Séamas Óg Mac Coitir' in A. Handy agus B. Ó Conchubhair, *The language of gender, power and agency in Celtic Studies*. Dublin.
Ó Tuama, S. (eag.), 1961: *Caoineadh Airt Uí Laoghaire.* Baile Átha Cliath.
Ó Tuama, S., 1978: *Filí faoi sceimhle*. Baile Átha Cliath.
Swift, J., 1720: *A proposal for the universal use of Irish manufacture*. CELT: The Corpus of Electronic Texts, www.ucc.ie/celt.
Ua Duinnín, P., 1934: *Foclóir Gaedhilge agus Béarla.* Dublin.

GIORRÚCHÁIN

DIN	Ua Duinnín 1934.
DÓB I, II, III	Mac Erlean 1910, 1913, 1917.
FGB	Ó Dónaill 1992.
LS	Lámhscríbhinn.
LSÍ	Lámhscríbhinní.
MN	Má Nuad.
NLI	National Library of Ireland.
RIA	Royal Irish Academy.
San M	San Marino.
SnaG	*Stair na Gaeilge*.

TOMÁS L. Ó MURCHÚ

Corcaigh